

# Uasdhátú maidir le stádas cláir DART+

TIONSCADAL	AG FREASTAL AR	UASDHÁTÚ	NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE
<b>DART+ An Iarthair</b>	Maigh Nuad/M3 Bealach na Páirce go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath	An dara comhairliúchán poiblí curtha i gcrích	Iarratas ar Ordú Iarnróid Samhradh, 2022
<b>DART+ An Iarth-dheiscirt</b>	Collchoill go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath	An dara comhairliúchán poiblí curtha i gcrích	Iarratas ar Ordú Iarnróid Geimhreadh, 2022
<b>DART+ An Chósta Thuaidh</b>	Droichead Átha agus Binn Éadair go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath	An chéad chomhairliúchán poiblí curtha i gcrích	Dara comhairliúchán poiblí Fómhar, 2022
<b>DART+ An Chósta Theas</b>	Na Clocha Liatha go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath	An rogha is dealraithí a roghnófar á forbairt	An chéad chomhairliúchán poiblí Fómhar, 2022
<b>Fliit DART+</b>	Gach bealach DART+ luaithe thuas	Conradh leis an déantóir gluasteán iarnróid Alstom sínithe, Nollaig 2021	Beidh na chéad charráistí againn in 2024, chun dul i mbun seirbhíse in 2025

Sonraí i gceart ó mhí na Bealtaine 2022

## Bealach an Chláir DART+



Tuilleadh eolais ar Chláir DART+ agus gach ceann díobh is féidir teacht ar thionscadail DART+ ar [www.dartplus.ie](http://www.dartplus.ie)



## Cad é an Clár DART+

Beidh an Clár DART+ mar bhonn le taisteal i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a athrú ó bhonn, agus na buntáistí ar fad a bhaineann leis a chur ar fáil do phobal nua agus don phobal atá ag taisteal ar an DART cheana féin. Maoinithe faoin bPlean Forbartha Náisiúnta ag an Údarás Náisiúnta Iompair, méadóidh an Clár DART+ acmhainn ghréasán Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath faoi dhó, agus méadófar leictiríú líonra Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath faoi thrí, dá bharr sin.

Cuirfidh an Clár DART+ seirbhísí leictirithe go minic, nua-aimseartha ar fáil laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, a bheidh ina chabhair chun spriocanna an rialtais maidir le hathrú aeráide a bhaint amach trí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus trí aistriú sochaíoch ó úsáid carranna príobháideacha agus ar aghaidh chuig iompar poiblí a éascú.

Éascóidh an clár soghluaisteacht agus forbairt inbhuanaithe; cuirfidh sé idirthuras ilmhódach agus iompar gníomhach chun cinn; cuirfidh sé le nascacht réigiúnach, rud a chuideoidh leis an iompar poiblí a bheith mar rogha thosaíochta do níos mó agus níos mó daoine.

## Tionscadail atá le seachadadh faoin gClár DART+



### Leictiríú den líne ó Mhaigh Nuad & M3 Bhealach na Páirce go lár Chathair Bhaile Átha Cliath

Méadóidh DART+ an lathair an acmhainn ó 6 thraein san uair sa treo go 12 thraein san uair sa treo agus méadófar acmhainn paisinéirí ó 5,000 go 13,200 paisinéir san uair sa treo.

I measc na ngnéithe tionscadail eile tá soláthar Stáisiún nua ag Duga Spencer, agus iosta um stóráil traenach agus chothabháil, siar ó Mhaigh Nuad, a sholáthar.



### An líne iarnróid idir Colchoill agus Lár Chathair Bhaile Átha Cliath a leictiríú.

Méadóidh DART+ an lardheiscirt an acmhainn ó 12 thraein san uair sa treo go 23 thraein san uair sa treo agus méadófar acmhainn do phaisinéirí ó 5,000 go 20,000 paisinéir san uair sa treo. I measc na ngnéithe tionscadail eile tá rianú ceathairshleasach ón bPáirc Thiar agus ó Ghort na Silíní go Stáisiún Heuston agus Stáisiún nua ag Heuston Thiar a sholáthar.



### An líne iarnróid idir Mullach Íde agus Stáisiún Mhic Ghiolla Bhríde, Droichead Átha a leictiríú.

Méadóidh DART+ an Chósta Thuaidh an acmhainn ó 11 thraein go 24 thraein agus méadófar acmhainn do phaisinéirí ó 12,500 go 26,600 don bhuaicthréimhse 3 uair an chloig idir Droichead Átha agus Lár Chathair Bhaile Átha Cliath. I measc na ngnéithe tionscadail eile tá mionathruithe ar na rianta le déanamh in áiteanna éagsúla agus tá árdán nua le cur isteach in Stáisiún Mhic Ghiolla Bhríde, Droichead Átha.



### Na Clocha Liatha go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath

Crosairí comhréidhe a bhaint chun laghdú a dhéanamh ar an gcumas a chuireann teorainn le coibhleachtaí iarnróid/bóthair. Trasrianta nua feithiclí, rothaíochta agus coisithe le cur ar fáil de réir mar is gá. Mionathruithe ar stáisiúin de réir mar is gá chun tacú le hacmhainn seirbhíse feabhsaithe.



### Beidh gá le rothstoc breise chun tacú leis an leathnú ar sheirbhísí iarnróid atá beartaithe

Suas le 750 feithicil leictreach / feithicil hibrideach ceallra-leictreach a sholáthar sna deich mbliana amach romhainn. Táthar ag súil le soláthar an chéad ordú de 95 carr sa bhliain 2024, chun dul i mbun seirbhíse sa bhliain 2025. Tá inrochtaineacht paisinéirí lárnach sa bhflít nua a sholáthraíonn pasáistí leathana, urláir ar leibhéal íseal, céimeanna in-aisghabhála uathoibríocha ag doirse, spásanna do chathaoireacha rothaí agus lúba éisteachta ionduchtacha i measc an iliomad gnéithe atá acu.